



C/2023/1006

16.11.2023

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**  
**(Cás M.11354 — GRAIN / BAM / BLACKSTONE / PTI)**  
**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1006)

1. An 8 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Grain Management, LLC ('Grain', na Stáit Aontaithe), faoi rialú David J Grain,
- BlackRock Alternatives Management, LLC, ('BAM', na Stáit Aontaithe) ina cháil mar bhainisteoir infheistíochta do BlackRock Global Infrastructure Fund IV, SCSp ('BGIF IV', Lucsamburg), faoi rialú BlackRock, Inc. ('Blackrock', na Stáit Aontaithe),
- Blackstone Inc. ('Blackstone', na Stáit Aontaithe),
- Phoenix Tower US Holdings, L.P. ('PTI', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Blackstone faoi láthair.

Gheobhaidh Blackstone, Grain agus BAM rialú comhpháirteach ar PTI de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Grain a dhíríonn ar infheistíochtaí in earnáil na cumarsáide.
- Tairgeann BAM seirbhísí tógála punainne, bainistíochta sócmhainní, agus comhairle infheistíochta. Déanann BAM cinní infheistíochta BGIF IV a rialú agus a bhainistiú, ciste a dhíríonn ar infheistíochtaí i slabhra luacha an bhonneagair dhigitigh, iompair, fuinnimh agus cumhachta.
- Is bainisteoir malartach sócmhainní domhanda é Blackstone.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó PTI: úinéireacht agus oibriú suíomhanna bonneagair éighníomhaigh gan sreang sna Stáit Aontaithe, i Meiriceá Laidineach, sa Mhuir Chairib agus san Eoraip. Laistigh de LEE, is éard atá i ngníomhaíochtaí gnó ITT úinéireacht agus oibriú bonneagair éighníomhaigh teileachumarsáide (túir) sa Chipir, sa Fhrainc, san Iodáil, in Éirinn, i Málta agus sa Spáinn. Tá ITT i mbun túir a fháil sa Ghearmáin freisin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais <sup>(2)</sup>, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11354 — GRAIN / BAM / BLACKSTONE / PTI

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

<sup>(2)</sup> IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission  
Directorate-General for Competition  
Merger Registry  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

---